AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Dr Pauric Travers
Uachtarán
Coláiste Phádraig
DROIM CONRACH
Baile Átha Cliath 9

24/04/2008

RE: Cúrsaí Aicme A a chuirtear ar fáil d'oidí bunscoile, oidí iar-bhunscoile, oidí a oileadh thar lear, daoine atá incháilithe mar oidí bunscoile nó oidí iar-bhunscoile, agus mic léinn na gcoláistí oideachais.

Na riachtanais a ghabhann le mic léinn na gColáistí Oideachais ag deireadh na chéad bliana oiliúna acu.

A Chara,

§1. De réir coinníollacha na cáipéise ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta *'Riachtanais Iontrála do Chúrsa Oiliúna mar Bhunmhúinteoir 2008: Comórtas CAO',* éilítear ar gach aon ábhar múinteora i gColáistí Oideachais freastal ar chúrsa trí seachtaine sa Ghaeltacht ag deireadh na chéad bliana oiliúna acu.

§2. Ba cheart a nótáil gur cuid **éigeantach** den chúrsa oiliúna an cúrsa Gaeltachta seo agus go bhfuil riachtanas ag baint le freastal iomlán a dhéanamh ar an tréimhse 21 lá. Dá bhrí sin, caithfear a chinntiú go bhfreastalaíonn gach ábhar múinteora ar an gcúrsa Gaeltachta trí seachtaine ina iomláine, na tréimhsí deireadh seachtaine san áireamh.

§3. Meastar an oiread céanna tábhachta a bheith ag baint leis an bhfreastal éigeantach ag an deireadh seachtaine is a bhaineann le laethanta eile na seachtaine, mar go dtugtar deis do na mic léinn an Ghaeilge a chleachtadh go nádúrtha le teaghlaigh lán-Ghaeilge.

§4. Ina theannta sin, ba chóir a nótáil go mbeidh ar scoláirí, nach gcomhlíonann na coinníollacha a bhaineann leis an bhfreastal iomlán trí seachtaine, filleadh ar an nGaeltacht in athuair chun na riachtanais chuí a shásamh, agus go mbeidh orthu na táillí teagaisc agus iostais a bhaineann leis an tréimhse bhreise sin a íoc as a n-acmhainní féin. Tabhair faoi deara chomh maith nach n-aithnítear oide mar oide láncháilithe go dtí go gcomhlíontar an rialachán maidir le freastal ar chúrsa Gaeltachta go hiomlán.

Is mise le meas,

_____ _____

Alan Wall, Príomh-Oifigeach
Rannóg Oideachais Múinteoirí

Éamonn Murtagh,
Príomchigire Cúnta

cc Ceann Roinne, Roinn na Gaeilge
Bainisteoirí Coláistí Samhraidh